COMHTHÁTHÚ EACNAMAÍOCH, SÓISIALTA AGUS CRÍOCHACH

Chun a fhorbairt chomhchuí fhoriomlán a chur chun cinn, tá an comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach á neartú ag an Aontas Eorpach. Go háirithe, tá sé d'aidhm ag AE éagothromaíochtaí idir leibhéil forbartha a réigiún éagsúil a laghdú. As na réigiúin lena mbaineann, tugtar aird speisialta ar limistéir thuaithe, ar limistéir a bhfuil an trasdul tionsclaíoch ag déanamh difear dóibh agus ar réigiúin a bhfuil míbhuntáistí móra buana nádúrtha nó déimeagrafacha acu ar nós na réigiún is faide ó thuaidh a bhfuil dlús fíoríseal daonra iontu, mar aon leis na réigiún oileánach, na réigiún trasteorann agus na réigiún sléibhteach.

BUNÚS DLÍ

Airteagail 174 go 178 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

COMHTHÉACS

Is é príomhbheartas infheistíochta an Aontais Eorpaigh é beartas comhtháthaithe. Soláthraíonn sé buntáistí do na réigiúin agus na cathracha uile in AE agus tacaíonn sé leis an bhfás eacnamaíoch, cruthú post, iomaíochas gnó, forbairt inbhuanaithe agus cosaint an chomhshaoil.

Óna thús ar fad, bhí éagothromaíochtaí críochacha agus déimeagrafacha móra sa Chomhphobal Eorpach (an tAontas Eorpach anois) a d'fhéadfadh a bheith ina mbacainní ar chomhtháthú agus ar fhorbairt san Eoraip. Le Conradh na Róimhe (1957), bunaíodh sásraí dlúthpháirtíochta i bhfoirm dhá chiste: Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE) agus an Ciste Eorpach um Threoraíocht agus Ráthaíocht Talmhaíochta (CETRT, Roinn Treoraíochta). In 1975, tugadh gnéithe réigiúnacha isteach trí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) a chruthú. In 1994, bunaíodh an Ciste Comhtháthaithe freisin.

Leis an Ionstraim Eorpach Aonair in 1986, rinneadh inniúlacht de chuid an Chomhphobail Eorpaigh den chomhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta. In 2008, le Conradh Liospóin, tugadh isteach an tríú gné de chomhtháthú AE: comhtháthú críochach. Tacaítear leis na trí ghné sin trí bheartas comhtháthaithe agus na Cistí Struchtúracha.

CUSPÓIRÍ

Is ceann de phríomhchuspóirí AE é a chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a neartú. Díríonn sé cuid shuntasach dá ghníomhaíochtaí agus dá bhuiséad ar éagsúlachtaí a laghdú i measc réigiún, go háirithe maidir le limistéir thuaithe, le limistéir a bhfuil an trasdul tionsclaíoch ag dul dóibh agus le réigiúin a bhfuil míbhuntáistí móra buana nádúrtha nó deimeagrafacha acu.

Tacaíonn AE leis na cuspóirí sin a bhaint amach trí úsáid Chistí Struchtúrtha agus Infheistíochta na hEorpa (CSE, CFRE, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh (EMFF)) agus trí úsáid foinsí eile amhail an Banc Eorpach Infheistíochta.

In 2014, tháinig an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe in ionad na Roinne Treoraíochta den Chiste Eorpach um Threoraíocht agus Ráthaíocht Talmhaíochta. Laistigh de chreat beartais chomhtháthaithe an Aontais, tacaíonn CETRT le forbairt tuaithe agus le bonneagar talmhaíochta a fheabhsú.

Is é príomhionstraim an Aontais é Ciste Sóisialta na hEorpa, a thacaíonn le bearta a bhfuil sé mar aidhm leo troid i gcoinne na dífhostaíochta agus í a chosc, acmhainní daonna a fhorbairt agus lánpháirtiú sóisialach a spreagadh sa mhargadh saothair. Maoinítear tionscnaimh leis a chuireann ardleibhéal fostaíochta, deiseanna comhionanna d'fhir agus do mhná, forbairt inbhuanaithe agus comhtháthú sóisialta agus eacnamaíoch chun cinn.

Tá sé mar aidhm le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa rannchuidiú leis na príomh-mhíchothromaíochtaí réigiúnacha san Aontas a cheartú. Tugann sé tacaíocht do réigiúin ina bhfuil a bhforbairt ag titim chun deiridh, chomh maith le tiontú a dhéanamh ar réigiúin thionsclaíocha atá ag meath.

Leis an gCiste Comhtháthaithe, cuirtear ranníocaíocht airgeadais ar fáil do thionscadal a bhaineann leis an gcomhshaol agus do ghréasáin thras-Eorpacha i réimse an bhonneagair taistil. Ní fhéadfadh ach na Ballstáit le hollioncam náisiúnta in aghaidh an áititheora de níos lú ná 90% de mheán AE rochtain a fháil ar an gciste sin.

Chun úsáid éifeachtúil na gCistí Struchtúrach a áirithiú, caithfear go seasfar leis na prionsabail seo a leanas:

— Eagrú na gcistí trí chuspóirí agus réigiúin;

— Comhpháirtíocht idir an Coimisiún, Ballstáit agus údaráis réigiúnacha maidir lena n-úsáid a phleanáil, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu;

— Cúnamh a chlársceidealú;

— An bhreisíocht a ghabhann le ranníocaíochtaí AE agus náisiúnta.

Maidir le leithdháileadh acmhainní airgeadais an Aontais a bhaineann leis an mbeartas comhtháthaithe, tá sé dírithe ar dhá phríomhchuspóir:

— Infheistíocht le haghaidh fáis agus post — a bhfuil sé mar aidhm léi an margadh saothair agus geilleagair réigiúnacha a neartú;

— Comhar Críochach Eorpach — a thacaíonn le comhtháthú AE trí chomhar ag leibhéal trasteorann, trasnáisiúnta agus idir-réigiúnach.

Ó 1988 i leith, tá méadú mór tagtha ar bhuiséad bheartas comhtháthaithe an Aontais agus tá sé ar cheann de bheartais an Aontais is suntasaí ó thaobh na cainníochta de anois, le hais an chomhbheartais talmhaíochta. Le linn chlárthréimhse 2014-2020, tá níos mó ná EUR 350 billiún á leithdháileadh ag AE ar an mbeartas comhtháthaithe, arb ionann é agus 32.5 % de bhuiséad iomlán AE. Caithfear na cistí sin ar ghníomhaíochtaí éagsúla amhail tógáil bóithre, cosaint an chomhshaoil, infheistíocht i bhfiontair nuálacha, cruthú post agus gairmoiliúint. Leithdháilfear nach mór EUR 200 billiún ar CFRE (lena n-áirítear EUR 10.2 billiún don Chomhar Críochach Eorpach agus EUR 1.5 billiún ina leithdháileadh speisialta do na réigiúin is forimeallaí agus is mó atá tearc i ndaonra). Leithdháilfear os cionn EUR 83 bhilliún ar CSE agus EUR 63 bhilliún ar an gCiste Comhtháthaithe.

TOGRA LE HAGHAIDH BHEARTAS COMHTHÁTHAITHE AN AONTAIS TAR ÉIS 2020

I mí Bealtaine 2018, mhol an Coimisiún Eorpach rialacháin le haghaidh bheartas comhtháthaithe AE tar éis 2020. Ceann de na príomhchuspóirí atá ag an athchóiriú sin ná na nósanna imeachta a shimpliú agus éifeachtacht infheistíochtaí AE a mhéadú. Cuireadh in ionad an aon chuspóir déag théamacha a úsáidtear i mbeartas comhtháthaithe 2014-2020, cúig chuspóir beartais maidir le CFRE, CSE+, an Ciste Comhtháthaithe agus CEMI:

— Eoraip níos cliste — claochlú eacnamaíoch atá nuálach agus cliste.

— Eoraip níos glaise a fheidhmeoidh ar bheagán carbóin;

— Eoraip níos nasctha — an tsoghluaisteacht agus an nascacht réigiúnach TFC.

— Eoraip níos sóisialta — cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

— Eoraip atá níos giorra do na saoránaigh — forbairt inbhuanaithe agus chomhtháite limistéar uirbeach, tuaithe agus cósta trí thionscnaimh áitiúla.

Mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, mhodhnaigh an Coimisiún a thogra chun ionstraimí nua a chur san áireamh a ullmhóidh an tAontas Eorpach don chomhrac i gcoinne na géarchéime eacnamaíche a mheastar a tharlóidh. I mí Iúil 2020, d'aontaigh an Chomhairle Eorpach a sheasamh ar an togra modhnaithe, rud a chuirfidh tús leis an gcaibidlíocht leis an bParlaimint.

Mhol an Coimisiún buiséad AE a mhaoiniú trí phacáiste cuimsitheach, agus an Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) a chumasc le hiarracht téarnaimh urghnách, 'Next Generation EU' (NGEU). Déanfar an beartas comhtháthaithe a mhaoiniú i bpáirt le CAI agus, i gcás cláir áirithe, le NGEU.

EUR 322.3 billiún an méid foriomlán acmhainní a bheidh ar fáil don sprioc 'Infheistíocht le haghaidh post agus fáis' agus leithdháilfear mar a leanas é:

a. EUR 202.3 billiún le haghaidh na réigiún lagfhorbartha;

b. EUR 47.8 billiún le haghaidh na réigiún trasdula;

c. EUR 27.2 billiún le haghaidh na réigiún níos forbartha;

d. EUR 42.6 billiún le haghaidh na mBallstát le tacaíocht ón gCiste Comhtháthaithe (a ndéanfar EUR 10 mbilliún de a chaitheamh ar an ionstraim maidir le Saoráid um Chónascadh na hEorpa);

e. EUR 1 928 milliún mar chistiú breise le haghaidh na réigiún is forimeallaí;

f. EUR 500 milliún le haghaidh infheistíochtaí nuálaíochta idir-réigiúnacha.

EUR 7 950 milliún an méid foriomlán acmhainní a bheidh ar fáil don sprioc 'Comhar críochach Eorpach' (Interreg) agus dáilfear mar a leanas é:

a. EUR 5 713 mhilliún le haghaidh comhar trasteorann ar muir agus ar talamh;

b. EUR 1 466 mhilliún le haghaidh comhar trasnáisiúnta;

c. EUR 1 500 mhilliún le haghaidh comhar idir-réigiúnach;

d. EUR 1 271 mhilliún le haghaidh chomhar na réigiún is forimeallaí;

e. EUR 970 milliún le haghaidh CCE - gné le haghaidh infheistíochtaí nuálaíochta idir-réigiúnacha.

I mí Feabhra 2020, mhol an Coimisiún go gcruthófar Ciste nua um Aistriú Cóir (CUAC), ar ciste é a thacaíonn leis na críochacha is mó a mbeidh tionchar ag an aistriú chuig neodracht aeráide orthu agus arb é is aidhm dó bac a chur ar fhás éagothromaíochtaí réigiúnacha. Is é EUR 17.5 billiún leithdháileadh CUAC atá molta.

I mí na Bealtaine 2020, mhol an Coimisiún 'ReactEU' a chruthú, ionstraim nua a thacóidh leis na hearnálacha is tábhachtaí chun téarnamh fónta a bhaint amach tar éis ghéarchéim COVID-19. Is é EUR 47.5 billiún an leithdháileadh atá molta le haghaidh ReactEU.

Tá na rialacháin atá molta faoi réir an ghnáthnós imeachta reachtaigh, ina bhfuil Parlaimint na hEorpa ar comhchéim leis an gComhairle. Ciallaíonn sé sin go mbeidh ar an dá institiúid sin teacht ar chomhthoil roimh dheireadh 2020 maidir leis na rialacha don bheartas comhtháthaithe amach anseo.

Faoi Aibreán 2019, bhí an chéad léamh de thograí an Choimisiúin maidir le Rialacháin RFC, CFRE, Interreg agus CSE+ curtha i gcrích ag an bParlaimint. Tá obair ar siúl faoi láthair ar na tograí maidir le Rialacháin CUAC agus ReactEU a tíolacadh le déanaí.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Tá ról gníomhach ag Parlaimint na hEorpa maidir le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach AE a neartú. Ullmhaítear an reachtaíocht a bhaineann leis an mbeartas comhtháthaithe agus na Cistí Struchtúracha faoin ngnáthnós imeachta reachtach, ina bhfuil an guth céanna ag an bParlaimint leis an gComhairle.

Tá an Pharlaimint rannpháirteach go gníomhach i gcaibidlíocht i gcomhair an bheartais chomhtháthaithe a athchóiriú don tréimhse 2014-2020. Leagann an t-athchóiriú sin tosaíochtaí agus ionstraimí maidir le gníomhaíocht AE sa todhchaí síos, a dhíríonn ar chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a neartú. Thacaigh an Pharlaimint

go láidir leis na tograí le haghaidh beartas comhtháthaithe fadréimseach agus éifeachtúil, a éilíonn dóthain acmhainní airgeadais dóibh freisin.

Marek Kołodziejski
08/2020